Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 38

# Sláinte

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, réitigh mé an cuntas faoi iamh ar an méid a caitheadh i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2012 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte, agus maidir le seirbhísí áirithe eile arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a chur ar fáil i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais,
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach,
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn,
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC,
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta,
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

**Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Dr. Ambrose McLoughlin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

28 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 38 Sláinte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Sláinte. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Meán Fómhair 2013

# Vóta 38 Sláinte

## Cuntas Leithreasa 2012

| Seirbhís | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | 25,492 | 23,499 | 22,884 |
| A.2 | Taisteal agus cothú | 654 | 375 | 306 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,003 | 552 | 676 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 628 | 434 | 526 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,824 | 1,519 | 1,310 |
| A.6 | Costais áitreabh oifige | 725 | 886 | 829 |
| A.7 | Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 1,594 | 1,563 | 831 |
| A.8 | Uachtaránacht an AE | 300 | 286 | — |
| **Deontais** | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile | 36,385 | 36,091 | 34,430 |
| B.2 | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus d'eagraíochtaí eile dá leithéid (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,286 |
| B.3 | An Tionscnamh Drugaí | 31,475 | 31,475 | 17,571 |
| **Seirbhísí eile** | | | | |
| C. | Costais a bhaineann leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí Idirnáisiúnta eile | 2,600 | 2,724 | 2,580 |
| D. | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí ilghnéitheacha dlí mar aon le socruithe | 19,593 | 9,462 | 15,464 |
| E.1 | Comhlachtaí forbraíochta, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | 59,289 | 47,864 | 49,721 |
| E.2 | An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | 5,950 | 5,250 | 5,950 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus an tAonad Speisialta Seachadta | 70,587 | 40,587 | 85,587 |
| E.4 | Interreg Éire / Tuaisceart Éireann | 2,190 | 1,910 | 2,003 |

| | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Seirbhísí eile (ar leanúint)** | | | | | |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | | 745 | 498 | 374 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine a éilíonn go ndearna vacsaíniú díobháil dóibh | | 1 | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí chuig cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | | 42,786 | 25,300 | 28,600 |
| F.4 | Íocaíochtaí chuig cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | | 5,849 | 3,250 | 3,600 |
| G. | Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseacháin maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | | 813 | 403 | 254 |
| **Seirbhísí Caipitiúla** | | | | | |
| H. | Deontais i leith tógála agus feistithe (lena n-áirítear TFC) i gcás gníomhaireachtaí arna gcistiú ag an Roinn | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 14,527 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 1,500 | 16,027 | 7,284 | 7,939 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 328,296 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 1,500 | **329,796** | **244,498** | **284,721** |
| | *Lúide* | | | | |
| I | **Leithreasaí i gcabhair** | | **3,916** | **5,088** | **4,971** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 324,380 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 1,500 | | | |
| | | | **325,880** | **239,410** | **279,750** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 86,470,381 | 64,035,391 |
| Tabhairt suas Iarchurtha | — | 1,500,000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 86,470,381 | 62,535,391 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán | | 29,114 | 27,362 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 215,384 | 257,359 |
| **Ollchaiteachas** | | **244,498** | **284,721** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **(5,088)** | **(4,971)** |
| **Glanchaiteachas** | | **239,410** | **279,750** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (136) | | |
| Dímheas | 211 | | |
| Caillteanas as diúscairtí | 1 | | |
| | | 76 | 158 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (1,365) | | |
| Laghdú ar an stoc | 22 | | |
| | | (1,343) | (1,651) |
| **Caiteachas díreach** | | **238,143** | **278,257** |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 9,483 | 16,134 |
| Cíosanna barúlacha | | 2,359 | 2,352 |
| **Costas glan clár** | | **249,985** | **296,743** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 38 arna dtabhú in áit eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | — | 5,037 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 7,053 | 8,140 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,165 | 2,481 |
| Vóta 20 Garda Síochána | — | 60 |
| An Lárchiste - pinsin Airí | 265 | 416 |
| | **9,483** | **16,134** |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 747 | 812 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 63 | 85 |
| Réamhíocaíochtaí | | 310 | 192 |
| Ioncam fabhraithe[1] | | 7,236 | 5,550 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 2,885 | 3,531 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **10,494** | **9,358** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 689 | 250 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 349 | 437 |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 600 | 2,578 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 1,936 | 516 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **3,574** | **3,781** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **6,920** | **5,577** |
| **Glansócmhainní** | | **7,667** | **6,389** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe stáit** | 2.1 | **7,667** | **6,389** |

[1] Baineann €7.03 milliún d'Ioncam Fabhraithe le hAsbhaint a Bhaineann le Pinsean atá dlite ó Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann.

### 2.1 Cuntas Cistithe Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 6,389 | 4,936 |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 248,893 | 295,884 |
| Measchíos (neamhairgid) | 1 | 2,359 | 2,352 |
| Caiteachas neamh-airgid | | 11 | (3) |
| Aistrithe sócmhainní seasta | | — | (37) |
| Costas glan clár | 1 | (249,985) | (296,743) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **7,667** | **6,389** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 325,880 | 343,785 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (86,470) | (64,035) |
| | | 239,410 | 279,750 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | 9,483 | 16,134 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **248,893** | **295,884** |

## 2.3 Shócmhainní Caipitiúla

| | Oifig trealamh | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2012 | 2,527 | 2,031 | 4,558 |
| Breiseanna | 136 | 11 | 147 |
| Diúscairtí | (194) | (44) | (238) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2012 | 2,469 | 1,998 | 4,467 |
| **Dímheas Carntha:** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012 | 1,951 | 1,795 | 3,746 |
| Dímheas don bhliain | 132 | 79 | 211 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (193) | (44) | (237) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2012 | 1,890 | 1,830 | 3,720 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **579** | **168** | **747** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | **576** | **236** | **812** |

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna agus airgead tirim Oifig an Phámháistir Ghinearálta | 3,706 | (300) |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (4,306) | (2,278) |
| | (600) | (2,578) |

## 2.5 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 21 | 27 |
| Ábhair intomhalta TF | 42 | 58 |
| | 63 | 85 |

## 2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | 94 | 44 |
| Tuarastail in-aisghabhála | 327 | 476 |
| Aisghabháil costais taistil | 24 | 12 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 123 | 110 |
| Binse Cúitimh Heipitíteas C | 2,309 | 2,880 |
| Míreanna dochair fionraí eile | 8 | 9 |
| | 2,885 | 3,531 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim agus Muirear Sóisialta Uilíoch | 23 | 20 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | (3) | (3) |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 42 | 95 |
| Cáin Bhreisluacha | 22 | 52 |
| Pinsin | 210 | 11 |
| Fáltais Bhreise Státchiste | — | 8 |
| | 294 | 183 |
| Míreanna creidmheasa fionraí eile | 55 | 254 |
| | 349 | 437 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 86,470 | 62,535 |
| Tabhairt Suas Iarchurtha | — | 1,500 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (84,534) | (63,519) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,936 | 516 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 2,885 | 3,531 |
| | 2,885 | 3,531 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (294) | (183) |
| Banc agus airgead tirim | (600) | (2,578) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (55) | (254) |
| | (949) | (3,015) |
| | | |
| | 1,936 | 516 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(A) Ceangaltais Iomlána** | | |
| Ceangaltais Neamh-Chaipitiúla ar dócha a thiocfaidh i gceist sna blianta ina dhiaidh sin: | | |
| Fotheidil soláthair | 31,131 | 30,597 |

**(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla**

**1. Ceangaltais Chaipitil atá Infhorghníomhaithe le Dlí**

| | | |
|---|---|---|
| Caiteachas sa bhliain | 7,284 | 7,939 |
| Ceangaltais a chaithfear a shásamh sna blianta ina dhiaidh sin | 26,769 | 19,179 |

**2. Tionscadail Chaipitil os cionn €6.3 milliún**

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2011** | **Íoctha in 2012** | **Lena n-íoc sna blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **An Bord Taighde Sláinte** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Áis Taighde Chliniciúil ag Ospidéal Naomh Séamas agus Líonra Taighde Chliniciúil Bhaile Átha Cliath | 3,812 | 1,428 | 6,441 | 11,681 |
| Áis Taighde Chliniciúil ag Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh | — | — | 7,500 | 7,500 |
| Eolaíocht Bithleighis Chliniciúil Fheidhmeach | — | — | 9,634 | 9,634 |
| Iomlán | 3,812 | 1,428 | 23,575 | 28,815 |

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta maidir le meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Taisteal agus cothú | 279 | Rinneadh an coigilteas toisc nach ndearnadh an oiread taistil is a measadh a dhéanfaí le linn na bliana. |
| Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 451 | Rinneadh an coigilteas nach caitheadh an oiread airgid ar ghlanadh ar conradh agus ar oiliúint agus forbairt is a measadh a chaithfí. |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 194 | Bhí costais teileafóin níos lú ná mar a measadh a bheidís mar gheall ar shocruithe nua conartha a rinneadh. |
| Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí ilghnéitheacha dlí mar aon le socruithe | 10,131 | D'eascair an coigilteas laistigh de ghlantaí agus táillí dlí ilghnéitheacha. Ba í an phríomhchúis ná an tréimhse ama a thóg sé le cásanna ionchais a réiteach. Níl aon smacht ag an Roinn ar ionú na réiteach agus tá sé deacair, mar sin de, líon na gcásanna ná a luach a mheas i mbliain ar leith. |
| Comhlachtaí forbraíochta, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | 11,425 | Bhí an caiteachas ar ghníomhaireachtaí sláinte, an dá ghníomhaireacht is mó a mhaoinítear ón bhfotheideal seo san áireamh, an Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Réamhíocaíonn an Roinn cistí do na gníomhaireachtaí seo suas go dtí an leibhéal faofa caiteachais nó caiteachais iarbhír, cibé acu an tsuim níos lú. Maidir leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte rinneadh soláthar d'éisteachtaí an Bhinse Mheabhair-Shláinte, ar ceart reachtúil iad faoin Acht um Mheabhair-Shláinte 2001. Níor cuireadh i gcrích líon chomh hard is a réamh-mheasadh d'éisteachtaí a ndearnadh soláthar dóibh. Rinneadh roinnt coigilteas eile a tionscnaíodh ag an gCoimisiún i 2012. Na fachtóirí seo ba chúis le coigilteas ar leithdháileadh an Choimisiúin don bhliain. De réir an Achta Shláinte 2007, bhí an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte le glacadh le freagrachtaí breise i réimse chlárú agus iniúchadh na seirbhísí míchumais chónaithe. Mar gheall ar mhoill i dtaca le cur i gcrích na socruithe le tabhairt faoin bhfeidhm seo níor theastaigh a leithdháileadh iomlán ón Údarás. Bhí le fáil san fhotheideal freisin soláthar do ghníomhaíochtaí forbartha, comhairliúcháin agus comhairleacha nár tháinig chun cinn, rud a d'fhág go ndearnadh caiteachas níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis le linn na bliana. Ba é seo ba chúis le mórchuid an choigiltis eile san fhotheideal. |
| An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | 700 | Rinneadh an coigilteas toisc go raibh an caiteachas a rinne an Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia níos lú ná mar a ceapadh a bheadh sé i réimse na gníomhaíochta taighde agus na gcomhdhálacha. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus an tAonad Speisialta Seachadta | 30,000 | Leithdháileadh maoiniú de €70.857 milliún ar an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (NTPF) i 2012 ag an Roinn. As an iomlán seo, athleithdháileadh €30 milliún ar an FSS ina dhiaidh sin le freastal a dhéanamh ar bhrúnna buiséadacha in earnáil na ngéarospidéal a d'eascair as leibhéil ghníomhaíochta a bhí níos airde ná na spriocanna a bhí leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Seirbhíse. |
| Interreg Éire / Tuaisceart Éireann | 280 | D'eascair an coigilteas mar gheall ar mhoill i dtaca le soláthar an chaiteachais chaipitil. |
| Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | 247 | Le linn 2012, bhí sé beartaithe ag an Roinn, faoi réir ag comhaontú, raon tacaí a sheachadadh do mharthanóirí na tailídimíde. Áiríodh i measc na dtacaí beartaithe oiliúint speisialaithe d'fhoireann chliniciúil ildhisciplíneach, measúnú de riachtanais gach duine aonair agus soláthar tacaí breise sláinte agus seirbhíse sóisialta pearsanta. Níor ghlac marthanóirí na tailídimíde leis na tacaí beartaithe agus mar sin de, níor seachadadh iad. |
| Íocaíochtaí chuig cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | 17,486 | Níl an Roinn in inmhe líon ná luach na suimeanna a thuar a íocfar ag an mBinse Cúitimh Heipitítis C agus VEID d'éilitheoirí in aon bhliain ar leith. Bíonn na híocaíochtaí iarbhíre ag brath ar shocruithe an Bhinse agus bhí siad seo níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Íocaíochtaí chuig cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | 2,599 | Socraítear íocaíocht Chiste Chúitimh ag 20% d'íocaíocht an Bhinse. Bhí líon na n-íocaíochtaí a faomhadh ag an mBinse níos lú ná mar a measadh an chéad lá riamh. |
| Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseacháin maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | 410 | D'eascair an coigilteas ós rud é nár cuireadh tús le suirbhé náisiúnta le freastal a dhéanamh ar na riachtanais sonraí a bhaineann le monatóireacht chur i bhfeidhm beartais sláinte agus leasa faoi mar a bhíothas ag súil leis an chéad lá riamh. Shocraigh an Roinn, i gcomhar leis an FSS agus an BTS, tabhairt faoi anailís agus aithint riachtanas bailithe agus tuairiscithe ghátar sonraí, chomh maith le buiséid taighde ar ann dóibh cheana agus bealaí atá éifeachtach ó thaobh costais de i dtaca le táirgeadh sonraí, srl. Tá an próiseas seo ar siúl i roinnt réimsí, lena n-áirítear obair faoi dhá théama d'Éirinn Shláintiúil faoin téama taighde agus sonraí agus creatlach na dtorthaí. |
| Deontais i leith tógála agus feistithe (lena n-áirítear TFC) i gcás gníomhaireachtaí arna gcistiú ag an Roinn | 8,743 | Rinneadh an coigilteas toisc nár theastaigh maoiniú chun an tSaoráid Taighde Cliniciúil a thógáil ag Ospidéal na hOllscoile Gaillimh mar a) chuaigh an príomhchonraitheoir faoi ghlacadóireacht in 2010; b) Ní dheachaigh an dara conradh a bronnadh ar an togra chun cinn in 2012 ach táthar ag súil go rachaidh sé chun cinn in 2013. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ilghnéitheach | 1 | 227 | 208 |
| 2. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbhís phoiblí | 3,915 | 4,861 | 4,763 |
| | Iomlán | 3,916 | 5,088 | 4,971 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (226) | Tharla an éagsulacht mar gheall ar fháltas le táillí ceadúnais a fuarthas faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí, íocaíochtaí scéime pinsin aisíoc an chistithe nár caitheadh ar an Tionscnamh Drugaí agus aisíoc íocaíochtaí iomarcaíocht ó an Roinn Coimirce Shóisialaí. Bíonn sé deacair na suimeanna atá dlite in aon bhliain ar leith a thuar. Áirítear meastachán ainmniúil de €1,000 mar chuid den mheastachán. |
| Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbhís phoiblí | (946) | Bhí an t-athraitheas i suimeanna a bhí dlite don Roinn ó ghníomhaireachtaí sláinte maidir leis an asbhaint a bhaineann le pinsean ar thuarastal na seirbhíse poiblí mar gheall ar laghduithe réamh-mheasta i líon na bhfostaithe, agus laghdú iarmhartach i gcaiteachas ar phá nár cuireadh i gcrích go hiomlán. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

Aistríodh fáltais €13,071 san iomlán, maidir le géilleadh deonach tuarastail faoi Mhír 483 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 chuig an Státchiste le linn na bliana.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Tagraíonn an nóta seo d'fhoireann Roinn na Sláinte amháin. Ní raibh faisnéis inchomparáide re foirniú agus pá sna gníomhaireachtaí sin atá faoi choimirce na Roinne ar fáil.

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 355 | 366 |

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 22,130 | 21,517 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 177 | 189 |
| Liúntais eile | 7 | 5 |
| Ragobair | 243 | 209 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,031 | 964 |
| **Pá iomlán** | **23,588** | **22,884** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** | **Uasíocaíocht aonair** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2012** | **2011** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 54 | 6 | 20,614 | 20,614 |
| Liúntais eile | 31 | — | 3,381 | 343 |
| Ragobair | 53 | 6 | 29,384 | 19,726 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis is catagóir amháin.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Cistiú ón gCrannchur Náisiúnta**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fo-theideal** | **Cur síos** | | | |
| B.2 | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí eile dá leithéid (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,286 |

Íocadh €3.286 milliún san iomlán faoi fhotheideal B.2 le gníomhaireachtaí sláinte agus le heagraíochtaí eile dá leithéid. Tá sonraí faoin gcistiú a tugadh le fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne “www.dohc.gov.ie".

**6.2 Coimisiúin agus Fiosrúcháin**

Tá an Coimisiún um Shábháilteacht Othar agus um Dhearbhú Cáilíochta agus an Coimisiún Imscrúdaithe le ceisteanna a scrúdú maidir le bainistiú, feidhmiú agus maoirsiú Theach Altranais Chros Lé, ar cuireadh tús leo i 2007, tá siad tugtha chun críche anois. Níor tabhaíodh aon chaiteachas i dtaca leis na fiosrúcháin seo ó bhí 2010 ann. Níor thabhaigh an Roinn caiteachas maidir le Coimisiúin agus Fiosrúcháin i 2011 nó 2012.

**6.3 Costais Dlí**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Tá costais dlí a íocadh le linn na bliana sna catagóirí seo a leanas | **€000** | **€000** |
| Costais dlí | — | — |
| Costais chúitimh | 9,287 | 15,357 |
| | 9,287 | 15,357 |

**6.4 Scéim Speisialta Chnáimhseachais**

Tá Ciste Slánaíochta Speisialta Cnáimhseachais curtha ar bun trína shlánófar ospidéil rannpháirteacha áirithe i ndáil le héilimh shonraithe cnáimhseachais. Déanann na hospidéil rannpháirteacha ranníocaíochtaí leis an gCiste. In a theannta sin, faoi théarmaí an tsocraithe a rinneadh leis an gCumann Cosanta Míochaine (Medical Protection Society) aistríodh cistí áirithe (an Ciste Speisialta Cnáimhseachais) chun páirtchistiú a dhéanamh ar chostas éileamh sainithe in aghaidh cnáimhseoirí ainmnithe. Déanann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát bainistiú ar na Cistí seo agus tá siad freagrach astu. Tá sé i gceist go n-íocfar éilimh ar an gcéad dul síos leis na Cistí agus go n-íocfar aon easnamh i gcumhdach ón Scéim Slánaíochta Cliniciúla a mhaoinítear trí Vóta FSS.

**6.5 Dliteanais Theagmhasacha**

Tá an Roinn bainteach le roinnt éileamh ina bhfuil imeachtaí dlíthiúla i gceist ar féidir go nginfidh siad dliteanais, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.